# A dhuine chuirios an crann

[Bergin, Osborn: *Irish Bardic Poetry*, poem 34]

Giolla Brighde Ó hEodhasa

1 A dhuine chuirios an crann,
cía bhus beó ag buain a ubhall?
ar bfás don chráoibh ghégaigh ghil,
ré a fhégoin dáoibh an deimhin?

2 Gan t'fhuireach ré a bhláth do bhoing
san lubhghort uaine áluinn
smuain, a fhir na ccleath do chor,
mo chreach! ag sin an sáoghal.

3 D'éis a aibchighthi as é ad láimh,
an tú chaithfius, a chompáin,
bláth garrdha na ngég solus?
tarrla ón ég a n-amharus.

4 Ní críonna dhuit, a dhuine.
ga mbí an choille chumhraidhe,
th'aire ar fhás na n-abhall lag,
'sgan cás at anam agad.